AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.6.2023
COM(2023) 343 final

2023/0195 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## i dtaca le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long a shíniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Coinbhinsiún arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac an 7 Nollaig 2022

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Tá ról ceannasach ag an iompar muirí sa trádáil idirnáisiúnta, agus meastar go n-iompraítear níos mó ná 90 % d’earraí a thrádáiltear ar fud an domhain ar muir. Dá bharr sin, is sócmhainní ríthábhachtacha iad longa agus níorbh fhéidir tráchtáil dhomhanda a dhéanamh dá n-uireasa. Dá bhrí sin, ós rud é gurb iad longa an modh iompair is éifeachtaí ó thaobh costais de, ní fhéadtar a shéanadh go bhfuil an loingseoireacht ríthábhachtach d’fhorbairt eacnamaíoch an domhain. Ar an taobh eile, is minic a bhíonn deacrachtaí dlíthiúla ag baint le hábhair a bhaineann leis an loingseoireacht idirnáisiúnta mar gheall ar an easpa comhchuibhiú idirnáisiúnta.

Faoi láthair, i bhformhór na Stát lena n-áirítear Ballstáit den Aontas, tá údarás ag cúirteanna ordú a thabhairt long a dhíol chun éileamh a dhéantar in aghaidh na loinge nó úinéir na loinge a shásamh. De ghnáth, déantar éileamh den sórt sin chun morgáiste loinge a fhoriamh (i gcás mainneachtain aisíocaíochta) nó chun lian muirí in aghaidh loinge a fhorfheidhmiú. De ghnáth, déantar an long a ghabháil roimh nós imeacht an díola bhreithiúnaigh. Cé go bhfuil dul chun cinn mór déanta ag an gcomhphobal idirnáisiúnta chun na rialacha maidir le gabháil long a chomhchuibhiú, níl an oiread dul chun cinn déanta chun rialacha maidir le díol breithiúnach long a chomhchuibhiú, agus tá an díol sin fós faoi réir dlíthe náisiúnta atá an-éagsúil ó chéile. Tá athrú tagtha ar an scéal tar éis **Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long (‘Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long’)**[1] a ghlacadh an 7 Nollaig 2022.

An Coinbhinsiún seo, a glacadh faoi choimirce Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Dhlí Trádála Idirnáisiúnta (‘UNCITRAL’), ar comhlacht é a bhunaigh Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus atá faoina réir, d’fhéadfadh sé deimhneacht dhlíthiúil agus intuarthacht ar an leibhéal idirnáisiúnta agus Eorpach a chur chun cinn trí chóras aonfhoirmeach a chruthú maidir leis na héifeachtaí idirnáisiúnta a bhaineann le díol breithiúnach long.

Le glacadh an Choinbhinsiúin seo, atá inghlactha ag Stáit a bhfuil córais éagsúla dhlíthiúla, shóisialta agus eacnamaíocha acu, chuirfí leis an gcreat dlíthiúil idirnáisiúnta atá ann cheana maidir le loingseoireacht agus chuirfí le forbairt na gcaidreamh idirnáisiúnta eacnamaíoch comhchuí. Meastar go gcuirfidh sé cosaint dlí ar fáil do cheannaitheoirí long a dhíoltar trí dhíol breithiúnach, agus leasanna úinéirí long agus creidiúnaithe á gcosaint san am céanna. Déantar é sin trí rialacha aonfhoirmeacha a sholáthar a chuirfidh chun cinn scaipeadh faisnéise maidir le díol breithiúnach ionchasach ar pháirtithe leasmhara agus a thabharfaidh éifeachtaí idirnáisiúnta do dhíol breithiúnach long a dhíoltar saor agus glan ó aon mhorgáiste nó *hypothèque* agus ó aon mhuirear, lena n-áirítear chun críoch clárú long[2].

Fágann sé sin go bhféadfadh páirtithe leasmhara an Aontais, go sonrach ceannaitheoirí ionchasacha long, tairbhiú den chosaint riachtanach leordhóthanach, agus dá bhrí sin chuirfí borradh faoin trádáil agus tráchtáil mhuirí idirnáisiúnta. Trí ráthaíochtaí áirithe agus an leibhéal aonfhoirmeachta, trédhearcachta agus deimhneachta dlíthiúla is gá a chur ar fáil, ionas gur féidir longa ceannaithe a thrádáil gan bhac, d’fhéadfadh tionchar dearfach a bheith

[1] A/RES/77/100: Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long

[2] Féach Brollach Choinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long.

ag an gCoinbhinsiún seo ar phraghsanna díola long mar ní bheadh gá ann iad a lascainiú chun rioscaí dlíthiúla a chur san áireamh, agus dá bharr sin is dócha go mbeidh praghsanna níos airde. Rachaidh sé sin chun tairbhe na bpáirtithe gaolmhara uile, lena n-áirítear creidiúnaithe. Thairis sin, d'fhéadfadh sé ligean d'airgeadaithe an Aontais a bheith níos muiníne agus maoiniú loinge á chur ar fáil acu ós rud é go maoinítear ceannach soithí de ghnáth le morgáiste loinge i gcás inarb í an long féin príomhurrús an airgeadaí le haghaidh aisíocaíochta. Ar deireadh, d'fhéadfadh an Coinbhinsiún seo freastal ar riachtanais tráchtála an tionscail mhuirí agus an tionscail airgeadais, agus dá bharr sin d'fhéadfadh sé cabhrú le borradh breise a chur faoi mhargadh airgeadais an Aontais.

Déanann an tAontas Eorpach a dhícheall i gcónaí tacú le hionstraimí iltaobhacha a bheidh ina mbonn taca faoin bhfás trádála trí dheimhneacht dhlíthiúil mhéadaithe a chur ar fáil agus a chuirfidh Eoraip níos láidre sa domhan chun cinn. Tá stádas breathnóra ag an gCoimisiún, thar ceann an Aontais, ag UNCITRAL, agus dá bhrí sin bhí páirt ghníomhach aige sa phróiseas caibidlíochta don Choinbhinsiún, d'fhonn go bhféadfaí é a shíniú agus an córas idirnáisiúnta seo a bheidh ann a dhaingniú. Ar bhonn an tsainordaithe, lena n-áirítear treoracha caibidlíochta[3], a thug an Chomhairle don Choimisiún Eorpach, rinne an Coimisiún ionadaíocht ar leasanna an Aontais le linn an phróisis caibidlíochta ag UNCITRAL.

Glacadh Coinbhinsiún Bhéising maidir le díol breithiúnach long i mí na Nollag 2022 agus beidh sé ar oscailt lena shíniú, lena dhaingniú nó lena aontú faoin ráithe dheireanach in 2023. Dá síneodh an tAontas an Coinbhinsiún seo mar a mhol an Coimisiún (agus dá ndaingneodh sé é ina dhiaidh sin), thabharfadh an Coinbhinsiún éifeachtaí idirnáisiúnta do dhíol breithiúnach long, a dhíoltar saor agus glan ó aon mhorgáiste nó *hypothèque* agus ó aon mhuirear, lena n-áirítear chun críoch clárú loinge, i measc na mBallstát den Aontas a shíneoidh agus a dhaingneoidh é agus le Stáit Chonarthacha eile an Choinbhinsiúin.

Ba cheart do na Ballstáit an Coinbhinsiún a shíniú tar éis don Aontas é a shíniú.

Tá an togra seo i gcomhréir le cuspóirí an Choimisiúin a leagtar amach sna Treoirlínte Polaitiúla don Choimisiún Eorpach (2019-2024)[4], go háirithe maidir leis an tosaíocht 'Eoraip níos láidre sa domhan'[5]. Tá sé i gcomhréir le tiomantas an Aontais don iltaobhachas sa chaidreamh idirnáisiúnta agus is dócha go spreagfar tíortha eile agus comhpháirtithe trádála an Aontais dul isteach i gCoinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Ó tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm, tá comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus thráchtála cumhdaithe le hAirteagal 81 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Foráiltear le hAirteagal 81(2)(a) maidir le bearta arb é is aidhm dóibh 'breithiúnais agus cinntí i gcásanna seachbhreithiúnacha a aithint go frithpháirteach agus a fhorfheidhmiú idir Bhallstáit' a áirithiú agus cumhdaítear le hAirteagal 81(2)(c) comhchuibheas na rialacha is infheidhme sna Ballstáit maidir le dlínse, lena n-áirítear mar shampla i ndáil le caingne a bhaineann le díol breithiúnach long a neamhniú nó a chur ar fionraí. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 81(2)(b) maidir le 'doiciméid bhreithiúnacha agus doiciméid sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil trasna teorainneacha'. Thairis sin, tá sé d'aidhm ag Airteagal 81(2)(e) 'rochtain éifeachtach ar an gceartas' a áirithiú.

[3] Féach Nóta maidir le Mír 'I/A' ón gCruinniú den Chomhairle maidir le Ceartais agus Gnóthaí Baile (Uimh. 9711/22) an 9 agus an 10 Meitheamh 2022 agus Dréacht-Chinneadh ón gComhairle (Uimh. 9026/22) lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht ar Choinbhinsiún maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long faoi chuimsiú UNICTRAL.

[4] https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024_ga

[5] Agus tacaíocht á tabhairt do chuspóirí na bpríomhchatagóirí 'Geilleagar a fhóireann do dhaoine' agus 'Ugach nua do Dhaonlathas na hEorpa'.

I gcomhréir leis an gcuspóir beartais chun rochtain ar an gceartas a éascú, go háirithe trí rialacha maidir le (i) dlínse na gcúirteanna agus (ii) breithiúnais a thugtar sna Ballstáit in ábhair shibhialta agus thráchtála a aithint agus a fhorfheidhmiú go tapa agus go simplí, ghlac Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála (athmhúnlú)[6]. Cinntear leis an Rialachán sin cúirteanna na mBallstát a bhfuil dlínse acu cinneadh a dhéanamh maidir le díospóid shibhialta agus thráchtála ina bhfuil gné idirnáisiúnta. Foráiltear leis freisin nach mór breithiúnas a thugtar i mBallstát a aithint sna Ballstáit eile gan gá a bheith le haon nós imeachta speisialta, agus nach mór breithiúnais agus ionstraimí barántúla a thugtar i mBallstát agus atá in-fhorfheidhmithe sa Stát sin a fhorfheidhmiú i mBallstát eile gan gá a bheith ann le haon dearbhú infhorfheidhmitheachta chuige sin. Foráiltear leis freisin maidir le dhá fhoirm: an deimhniú maidir le breithiúnas agus an deimhniú maidir le hionstraim bharántúil nó socraíocht chúirte.

Ina theannta sin, tá córas inmheánach ag an Aontas atá dea-fhorbartha lena rialaítear seirbheáil thrasteorann doiciméad breithiúnach agus seachbhreithiúnach idir na Ballstáit. Leis an gcóras seirbheála doiciméad, atá i bhfeidhm ó mhí na Bealtaine 2001, soláthraítear nós imeachta maidir le seirbheáil doiciméad trí 'ghníomhaireachtaí tarchuir' agus 'gníomhaireachtaí fála' ainmnithe gan dul i muinín bealaí consalacha agus taidhleoireachta agus modhanna eile chun doiciméid a sheirbheáil. Rinneadh córas an chomhair bhreithiúnaigh i dtaca le seirbheáil doiciméad a nuachóiriú le glacadh Rialachán (AE) 2020/1784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in ábhair shibhialta nó thráchtála[7]. Tugtar isteach leis an Rialachán sin rialacha nua lena bhféachtar le héifeachtúlacht agus luas na n-imeachtaí breithiúnacha trasteorann a fheabhsú trí leas a bhaint as digitiú agus as úsáid teicneolaíochta nua-aimseartha, arb é is aidhm dóibh ar deireadh rochtain ar an gceartas agus triail chóir do na páirtithe a chur chun cinn.

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, ábhair a bhaineann le dlínse idirnáisiúnta agus le haithint agus forfheidhmiú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála, tugtar aghaidh orthu leis na comhaontuithe iltaobhacha seo a leanas a bhfuil an tAontas ina pháirtí iontu: Coinbhinsiún na Háige 2005 um Chomhaontuithe maidir le Roghnú Cúirteanna[8]; Coinbhinsiún Lugano 2007 maidir le dlínse agus maidir le haitheantas agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála; an comhaontú comhthreomhar a tugadh i gcrích leis an Danmhairg maidir le dlínse agus le haitheantas agus forfheidhmiú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála[9]; Coinbhinsiún na Háige 2019 maidir le hAithint agus Forfheidhmiú Breithiúnas Coigríche[10].

Faoi láthair, níl aon chreat idirnáisiúnta sonrach ann maidir le díol breithiúnach long, agus go sonrach maidir le díol breithiúnach coigríche long agus a éifeachtaí a aithint. Cruthaíonn an staid sin éiginnteacht dhlíthiúil, rud nach dtéann chun tairbhe don trádáil nó tráchtáil idirnáisiúnta.

I ndáil le saincheist na gceart i leith long, rinneadh roinnt iarrachtaí (nár éirigh leo) chun na rialacha maidir le díol breithiúnach long a chomhchuibhiú, ag tosú le glacadh na gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta chun Rialacha Áirithe a Aontú maidir le Liain agus Morgáistí Muirí 1926[11] agus 1967[12] agus an Coinbhinsiún maidir le Gabháil 1993[13]. Cé go raibh

[6] IO L 351, 20.12.2012, lch. 1.
[7] IO L 405, 2.12.2020, lch. 40.
[8] IO L 133, 29.5.2009 (Iarscríbhinn I).
[9] IO L 339, 21.12.2007, lch. 3.
[10] IO L 187, 14.7.2022, lch. 4 (Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*).
[11] Arna thabhairt i gcrích an 10 Aibreán 1926 sa Bhruiséil.

forálacha maidir le díol breithiúnach long sna trí Choinbhinsiún sin, níor glacadh go forleathan leo.

Thar na Coinbhinsiúin sin nár éirigh leo, tá na héifeachtaí a bhaineann le díol breithiúnach long aitheanta ag a lán dlínsí cheana, lena n-áirítear an teideal glan a thugtar le díol breithiúnach, mar shampla ar bhonn na cúirtéise. Mar sin féin, níl aon chreat ilnáisiúnta domhanda ann maidir leis na héifeachtaí a bhaineann le díol breithiúnach coigríche long a aithint.

Dá bharr sin, chuirfeadh Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long leis an gcreat atá ann san Aontas nuair a shíneoidh na Ballstáit é agus nuair a dhaingneoidh siad é ar deireadh, agus cabhróidh sé ar an leibhéal idirnáisiúnta le breithiúnais in ábhair shibhialta agus thráchtála a aithint agus a fhorfheidhmiú, agus ar an mbealach sin áiritheofar go n-aithneofar na héifeachtaí a bhaineann le díol breithiúnach long go hidirnáisiúnta.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

An togra seo le haghaidh Cinnidh ón gComhairle, is togra é atá comhsheasmhach le beartas ginearálta an Aontais gníomh a dhéanamh chun a áirithiú go n-urramaítear inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais sa chreat idirnáisiúnta, trí dhul isteach i gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta lena n-áirítear forálacha faoi inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais, i gcás ina gceadaítear sin de bharr clásal REIO a bheith ann, clásal lena gceadaítear (mar atá sa chás seo) d'Eagraíochtaí Réigiúnacha um Chomhtháthú Eacnamaíochta ionstraim idirnáisiúnta a shíniú, a ghlacadh, a fhormheas nó aontú di, nó trí údarú a thabhairt do Bhallstáit den Aontas é sin a dhéanamh thar ceann an Aontais.

Leis an gclásal dícheangail in Airteagal 18(4) de Choinbhinsiún Bhéising, áiritheofar go mbeidh nasc rianúil ann idir ionstraimí dhlí an Aontais agus an coinbhinsiún agus, a mhéid is féidir agus i gcás inarb iomchuí, cosnófar cur i bhfeidhm ionstraimí an Aontais atá ann faoi láthair nó a bheidh ann, go háirithe na rialacha atá i Rialachán an Bhruiséil Ia agus sa Rialachán maidir le Doiciméid a Sheirbheáil. Go sonrach, áiritheofaí leis an gclásal dícheangail nach ndéanfar difear do rialacha dlínse an Aontais maidir le himeachtaí a bhaineann le forfheidhmiú breithiúnas idir Bhallstáit. Ba cheart go n-áiritheofaí leis an gclásal dícheangail freisin, i gcás inar gá doiciméad a sheirbheáil agus gur san Aontas atá sainchónaí ar an seolaí, go bhfuil feidhm ag rialacha an Aontais maidir le seirbheáil doiciméad idir an stát tarchuir agus an stát is faighteoir.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra seo le haghaidh Cinnidh ón gComhairle bunaithe ar Airteagal 81(2), pointí (a) agus (b), i gcomhar le hAirteagal 218(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) toisc gur ionstraim idirnáisiúnta é Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long. Is le hAirteagal 81 CFAE a rialaítear an comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus thráchtála, Airteagal arb é an bunús dlí é, dá bhrí sin, le hinniúlacht an Aontais sa réimse seo.

Bunaithe ar Airteagal 3(2) CFAE, tagann roinnt forálacha de Choinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long faoi réim raon feidhme inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais toisc go bhféadfaidís '*difear a dhéanamh do na comhrialacha nó a raon feidhme a athrú*'.

[12] Arna thabhairt i gcrích an 27 Bealtaine 1967 sa Bhruiséil.

[13] Arna ghlacadh an 12 Márta 1999 ag Comhdháil Taidhleoireachta na Náisiún Aontaithe/na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta ('Comhdháil Taidhleoireachta NA/IMO').

Tá forálacha i gCoinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long i dtaca le dlínse a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála[14] (i.e. Airteagal 9 de Choinbhinsiún Bhéising maidir le díol breithiúnach long, '*Dlínse chun díol breithiúnach a sheachaint agus a chur ar fionraí*').

Tá forálacha sa gCoinbhinsiún seo freisin maidir le fógra faoi dhíol breithiúnach long a sheirbheáil a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2020/1784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in ábhair shibhialta nó thráchtála[15] (i.e. Airteagal 4 de Choinbhinsiún Bhéising maidir le díol breithiúnach long, '*Fógra faoi dhíol breithiúnach*').

.

• **Dearbhuithe maidir le hábhair a thagann faoi raon feidhme inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh**

Le hAirteagal 18(2) de Choinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long (Rannpháirtíocht ag eagraíochtaí réigiúnacha um chomhtháthú eacnamaíochta), éilítear ar an Aontas Eorpach, nuair a shíníonn sé an Coinbhinsiún, dearbhú maidir le Taisclann a dhéanamh ina sonraítear na hábhair atá faoi rialú an Choinbhinsiúin seo ar aistrigh na Ballstáit inniúlacht ina leith chuig an Aontas Eorpach.

Tá an dearbhú sin i gceangal leis an togra seo.

• **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ní bhaineann le hábhar

• **Comhréireacht**

Is iad cuspóirí an togra seo (i) rochtain ar an gceartas ag páirtithe de chuid an Aontais a mhéadú trína áirithiú go n-aithnítear na héifeachtaí a bhaineann le díol breithiúnach long agus (ii) deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú do ghnólachtaí agus do shaoránaigh a bhfuil baint acu le déileálacha idirnáisiúnta. An tráth céanna, d'fhéadfadh an Coinbhinsiún seo costais agus fad na n-imeachtaí i ndlíthíocht cúirte trasteorann a laghdú.

Níorbh fhéidir na cuspóirí sin a bhaint amach ach amháin trí chloí le córas lena soláthraítear sraith rialacha aonfhoirmeacha a chuirfidh chun cinn scaipeadh faisnéise maidir le díol breithiúnach ionchasach ar pháirtithe leasmhara agus a thabharfaidh éifeachtaí idirnáisiúnta do dhíol breithiúnach long a dhíoltar saor agus glan ó aon mhorgáiste nó *hypothèque* agus ó aon mhuirear, lena n-áirítear chun críoch clárú long, amhail an córas a ghlactar le Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long.

Ní bhainfí na cuspóirí sin amach le gníomhaíocht aontaobhach ar leibhéal an Aontais mar níorbh fhéidir a áirithiú léi, maidir leis na héifeachtaí a bhaineann le díol breithiúnach long a dhéantar san Aontas, go n-aithneofaí na héifeachtaí sin i dtíortha lasmuigh den Aontas, áit a bhféadfaí an long a dhíoltar trí dhíol breithiúnach a chlárú. Ní sheachnófaí leis an staid sin na fadhbanna a eascraíonn as an *status quo* ag an leibhéal idirnáisiúnta, i.e. an easpa rialacha comhaontaithe maidir le teideal glan ar longa a aithint tar éis díol breithiúnach agus an easpa deimhneachta dlíthiúla a eascraíonn as sin.

Creat iltaobhach amhail Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long a shíniú, bheadh sé sin níos éifeachtúla ná caibidlíocht dhéthaobhach a dhéanamh le Stáit nach Ballstáit

[14] IO L 351, 20.12.2012, lch. 1.
[15] IO L 405, 2.12.2020, lgh. 40–78.

den Aontas iad. Ag brath ar líon na Stát a chloífidh leis an gCoinbhinsiún seo, d’áiritheodh sé creat coiteann dlí chun déileáil leis na héifeachtaí a bhaineann le díol breithiúnach long a aithint, cibé áit a ndéantar díol den sórt sin. D’áiritheodh sé freisin creat coiteann dlí amháin do shaoránaigh agus cuideachtaí an Aontais atá ag lorg aithint teidil ghlain le haghaidh loinge a fhaightear trí dhíol breithiúnach i Stáit nach Ballstáit den Aontas iad agus san Aontas.

Ar deireadh, ní théann an togra seo thar an aidhm a áirithiú go n-urramaítear inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais i dtaca le forálacha áirithe de Choinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long agus nach gcuireann an Coinbhinsiún seo bac ar chur chun feidhme dhlí an Aontais idir Ballstáit an Aontais.

- **An rogha ionstraime**

Ní bhaineann le hábhar

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ó thionóil UNCITRAL an chéad réamhchruinniú i dtaca le dréachtionstraim maidir le díol breithiúnach long i mí na Bealtaine 2019, cuireadh na Ballstáit ar an eolas go tráthrialta agus chuathas i gcomhairle leo i Meitheal na Comhairle um Ábhair Dlí Shibhialta (Ceisteanna Ginearálta) faoi na roghanna éagsúla agus faoi na línte comhordaithe atá le glacadh i ndáil le seasamh an Aontais faoi chuimsiú an phlé a bhí ar siúl i Meitheal VI UNCITRAL (Díol Breithiúnach Long). Ina theannta sin, chuathas i gcomhairle go tráthrialta le toscairí na mBallstát ar an toirt agus seisiúin na Meithle ar siúl i Vín nó i Nua-Eabhrac. Thug an Coimisiún tuarascáil ar thoradh chruinnithe Mheitheal VI tar éis gach sheisiún UNCITRAL i Meitheal na Comhairle um Ábhair Dlí Shibhialta (Ceisteanna Ginearálta).

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Agus Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long á chaibidil aige, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe sa réimse ó na Ballstáit, agus bhraith an Coimisiún ar a saineolas, go leanúnach agus ar bhealach go hiomlán trédhearcach.

Ina theannta sin, bhraith an Coimisiún ina chuid oibre ar an saineolas a bailíodh ón gCollóiciam a bhí dírithe ar na saincheisteanna a bhaineann leis an obair ar an ionstraim idirnáisiúnta a bheidh ann amach anseo maidir le díol breithiúnach long a eagraítear faoi phátrúnacht Uachtaránacht na Cróite an 7 Meán Fómhair 2020. Bhí an painéal Collóiciam comhdhéanta de shaineolaithe idirnáisiúnta éagsúla sa dlí muirí agus go sonrach i ndíol breithiúnach long, agus ghlac raon leathan speisialtóirí ón tionscal muirí, ón tionscal trádála idirnáisiúnta agus ón tionscal airgeadais páirt ann.

An t-aiseolas a fuarthas ó pháirtithe leasmhara mar fhreagairt ar iarraidh barúlacha a chur ar fáil maidir le tuiscint an Choimisiúin ar an bhfadhb agus ar na réitigh fhéideartha a moladh i dtionscadal UNCITRAL, bhí sé an-úsáideach d’obair an Choimisiúin.

San obair a rinneadh ar an gCoinbhinsiún seo, bhí saineolaithe, lena n-áirítear acadóirí agus oifigigh rialtais, ar thoscaireachtaí na mBallstát ag Meitheal VI UNCITRAL.

Na comhairliúcháin a rinne an Coimisiún leis an tionscal muirí domhanda trí pháirt ghníomhach a ghlacadh i gComhdháil 2022 an Choiste Mhuirí Idirnáisiúnta (CMI) (18-21 Deireadh Fómhair 2022 in Antuairp na Beilge), ba léir uathu sin go raibh spéis fhorleathan i gCoinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long agus go dtacaítear go láidir leis.

Ar deireadh, bhí an Coimisiún ag brath go láidir ar an saineolas fairsing atá ann ar leibhéal an Aontais maidir le haithint agus forfheidhmiú breithiúnas ar leibhéal an Aontais faoi Rialachán Uimh. 1215/2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála agus faoin Rialachán a bhí ann roimhe, Rialachán Uimh. 44/2001 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála[16], arbh é féin an comharba ar Choinbhinsiún na Bruiséile 1968 ar dhlínse agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála [17]ar an ábhar céanna. Tá treoraíocht fhorleathan ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ann maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na n-ionstraimí sin.

- **Measúnú tionchair**

Níl aon tacaíocht i bhfoirm measúnú tionchair ag an togra seo.

Ach, mar a luadh thuas, bhí comhairliúcháin dhiana ar siúl le saineolaithe na mBallstát agus leis an tionscal muirí i gcoitinne sular cuireadh tús leis an obair ar an dréachtchoinbhinsiún. Reáchtáladh Collóiciam ardleibhéil freisin i Vaileite i Málta an 27 Feabhra 2018, nuair a léiríodh tacaíocht don dréacht-togra bunaidh le haghaidh coinbhinsiúin maidir le díol breithiúnach long ó ghairmithe ó gach cuid den tionscal muirí idirnáisiúnta, lena n-áirítear ionadaithe ón gComhairle Muirí Bhaltach agus Idirnáisiúnta (BIMCO), ó Chónaidhm na nOibrithe Iompair Idirnáisiúnta (ITF) agus ó Chónaidhm na gComhlachas Náisiúnta Bróicéirí agus Gníomhairí Long (FONASBA), chomh maith le hairgeadaithe long, úinéirí long, soláthróirí buncair, deisitheoirí long, údaráis cuain agus clárlanna long.

D'ullmhaigh Rialtas na hEilvéise páipéar mionsonraithe[18] freisin ina raibh torthaí agus conclúidí an Chollóiciam ardleibhéil, agus phléigh agus bhreithnigh Coimisiún UNCITRAL go hiomchuí an páipéar sin ag a 51ú sheisiún (Nua-Eabhrac, an 25 Meitheamh – an 13 Iúil 2018).

Bhí na comhairliúcháin sin agus an obair sin ar siúl le linn an phróisis caibidlíochta in UNCITRAL ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar

- **Cearta bunúsacha**

Is é is aidhm don togra seo rochtain ar an gceartas do ghnólachtaí agus saoránaigh an Aontais a éascú agus a fheabhsú trí chreat dlíthiúil le haghaidh aitheantas idirnáisiúnta do na héifeachtaí a bhaineann le díol breithiúnach long, rud a chuirfidh leis an bpróiseas cuí i ndáil le díol breithiúnach agus a áiritheoidh go mbeidh deis ag na páirtithe uile dá ndéantar difear a gcearta a dhearbhú.

Thairis sin, le Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long cuirfear feabhas ar chosaint agus ar leigheasanna breithiúnacha do chreidiúnaithe a ghníomhaíonn de mheon macánta, creidiúnaithe a mbíonn sé mar aidhm acu, de ghnáth, a n-éilimh a uasmhéadú, agus

16 IO L 12, 16.1.2001, lgh. 1–23.

17 IO L 299, 31.12.1972, lgh. 32–42.

18 Iarscríbhinn II a ghabhann le A/CN.9/WG.VI/WP.81 (https://documents-dds-ny.un.org/doc/UNDOC/LTD/V19/008/27/PDF/V1900827.pdf?OpenElement)

go pointe áirithe léiríonn sé sin rialacha inmheánacha an Aontais lena rialaítear aithint agus forfheidhmiú breithiúnas a leagtar amach i Rialachán An Bhruiséil Ia, agus na rialacha maidir le seirbheáil doiciméad a leagtar síos sa Rialachán maidir le Doiciméid a Sheirbheáil agus a athmhúnlú.

Na deiseanna atá sa Choinbhinsiún chun éileamh a thabhairt nó iarraidh a dhéanamh díol breithiúnach long lena dtugtar teideal glan ar an long a sheachaint nó éifeachtaí an díola sin a chur ar fionraí (Airteagal 9, '*Dlínse chun díol breithiúnach a sheachaint nó a chur ar fionraí*') agus foráil sa Choinbhinsiún maidir le beartas poiblí (Airteagal 10, '*Imthosca nach bhfuil aon éifeacht idirnáisiúnta ag díol breithiúnach iontu*'), tá siad i gcomhréir le cearta bunúsacha agus prionsabail cothroime nós imeachta an Aontais agus le beartas poiblí an Stáit ina n-iarrtar aithint na n-éifeachtaí a bhaineann le díol breithiúnach long. Dá bharr sin, cabhróidh sé lena áirithiú go ndéanfar cearta bunúsacha amhail ceart na cosanta nó an ceart chun triail chóir a fháil a urramú go hiomchuí i dtír nach tír den Aontas í.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bhaineann le hábhar

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní bhaineann le hábhar

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Ní bhaineann le hábhar

2023/0195 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**i dtaca le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long a shíniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Coinbhinsiún arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac an 7 Nollaig 2022**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 81(2), pointí (a) agus (b), de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Bealtaine 2022, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht ar choinbhinsiún maidir leis na héifeachtaí idirnáisiúnta a bhaineann le díol breithiúnach long. Tugadh an chaibidlíocht sin i gcrích trí théacs an choinbhinsiúin a ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac an 7 Nollaig 2022.

(2) Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long (‘Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long’), a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac an 7 Nollaig 2022, neartaíonn sé an creat dlíthiúil idirnáisiúnta atá ann cheana maidir le loingseoireacht agus cuireann sé le forbairt na gcaidreamh eacnamaíoch idirnáisiúnta comhchuí ar bhealach úsáideach. Dá bhrí sin, is inmhianaithe forálacha na hionstraime seo a chur i bhfeidhm a thúisce is féidir.

(3) Tá an tAontas Eorpach ag obair chun limistéar coiteann breithiúnach a bhunú ar phrionsabal aitheantas frithpháirteach na gcinntí breithiúnacha. Sa chomhthéacs sin, ghlac reachtóir an Aontais, i measc Rialacháin eile, Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála[19] agus Rialachán (AE) 2020/1784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in ábhair shibhialta nó thráchtála[20].

(4) Roinnt de na hábhair i gCoinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long, déanann siad difear do Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 agus do Rialachán (AE) 2020/1784. Dá bhrí sin, tá inniúlacht eisiach ag an Aontas ar na hábhair sin, agus ní thagann na hábhair eile i gCoinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long faoin inniúlacht sin.

---

19 IO L 351, 20.12.2012, lch. 1.
20 IO L 405, 2.12.2020, lch. 40.

(5) Ba cheart do na Ballstáit Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long a shíniú chun a áirithiú go gcuirtear an Coinbhinsiún i bhfeidhm go hiomlán idir an tAontas agus tríú stáit.

(6) Le hAirteagal 18(1) de Choinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long, foráiltear maidir le hEagraíochtaí Réigiúnacha um Chomhtháthú Eacnamaíochta a bhfuil inniúlacht acu ar ábhair áirithe atá faoi rialú Choinbhinsiún Bhéising maidir le díol breithiúnach long, go bhféadfaidh siad an Coinbhinsiún sin a shíniú, a ghlacadh, a fhormheas nó aontú leis.

(7) Le hAirteagal 18(2) de Choinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long, foráiltear go ndéanfaidh Eagraíocht Réigiúnach um Chomhtháthú Eacnamaíochta, tráth sínithe, glactha, nó formheasta an Choinbhinsiúin nó tráth a n-aontaítear dó, dearbhú ina sonrófar na hábhair atá faoi rialú an Choinbhinsiúin sin a bhfuil inniúlacht ina leith aistrithe ag a chuid Ballstát chuig an eagraíocht sin. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas dearbhú den sórt sin a dhéanamh tráth sínithe Choinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí, agus an Dearbhú atá i gceangal a fhaomhadh.

(9) [I gcomhréir le hAirteagal 3 den Phrótacal (Uimh. 21) maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo.]

NÓ

[I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.].

(10) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo déantar síniú Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long ('Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long'), a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Nua Eabhrach an 7 Nollaig 2022, a fhormheas thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích.

Tá téacs Choinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

An Dearbhú atá i gceangal leis an gCinneadh seo, déanfar é a fhormheas thar ceann an Aontais. Nuair a shíneoidh an tAontas Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long, déanfaidh sé an Dearbhú atá i gceangal leis an gCinneadh seo, i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Choinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long.

*Airteagal 3*

Tabharfaidh an Chomhairle údarú don Choimisiún an duine a ainmniú ag a mbeidh na lánchumhachtaí an Coinbhinsiún a shíniú, faoi réir a thabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
*[...]*